Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0039(COD)**

**6318/22
ADD 1**

**ESPACE 12
RECH 90
COMPET 100
IND 43
EU-GNSS 6
TRANS 86
AVIATION 31
MAR 25
TELECOM 59
MI 117
CSC 45
CSCGNSS 1
CFSP/PESC 172
CSDP/PSDC 72
CODEC 168
IA 14
CADREFIN 16**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 57 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE **lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán don tréimhse 2023–2027** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 57 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 57 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 15.2.2022
COM(2022) 57 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán don tréimhse 2023–2027**

{SEC(2022) 77 final} - {SWD(2022) 30 final} - {SWD(2022) 31 final}

# IARSCRÍBHINN

TÁSCAIRÍ CHUN MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR AN gCLÁR

Déanfar faireachán grinn ar an gClár ar bhonn tacar táscairí arb é is feidhm dóibh a mhéid a baineadh amach cuspóirí sonracha an Chláir a thomhas agus d'fhonn costais agus ualaí riaracháin a íoslaghdú. Chuige sin, baileofar sonraí maidir leis an tacar príomhtháscairí seo a leanas:

Ba cheart na táscairí a nascadh leis na cuspóirí sonracha ach gan iad a athlua chun aon neamhréir a sheachaint.

**Cuspóir sonrach 1:** Feabhas a chur ar athléimneacht sheirbhísí cumarsáide an Aontais trí bhonneagar nascachta ilfhithise a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú, agus é oiriúnaithe ar bhonn leanúnach d'fhorbairt an éilimh ar chumarsáid satailíte, agus sócmhainní na mBallstát, idir shócmhainní atá ann cheana agus sócmhainní a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh, ar sócmhainní iad a úsáidtear faoi chuimsiú chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais arna bunú le Rialachán (AE) 2021/696.

Táscaire 1: Is féidir le rialtais na mBallstát agus le hinstitiúidí den Aontas Eorpach rochtain a fháil ar thacar tosaigh seirbhísí rialtais in 2025, ag a mbeidh inniúlacht iomlán in 2027

Táscaire 2: Infhaighteacht seirbhísí

Táscaire 3: Comhtháthú iomlán na hacmhainneachta atá i gcomhthiomsú an Aontais cheana trí chomhtháthú bhonneagar GOVSATCOM ar talamh

Táscaire 4: Maidir leis na líonraí teileachumarsáide sna Ballstáit, líon bliantúil na móréarthaí seirbhíse iontu arna maolú leis an gcóras um nascacht shlán.

Táscaire 5: Aiseolas ó úsáideoirí maidir lena shásta atá siad le feidhmíocht an chórais um nascacht shlán

**Cuspóir sonrach 2:** Rannchuidiú le cibear-athléimneacht tríd an gcosaint réamhghníomhach agus frithghníomhach i gcoinne bagairtí cibearshlándála agus leictreamaighnéadacha agus rannchuidiú le cibearshlándáil oibríochtúil, agus an chuid sa spás agus an chuid ar talamh lena mbaineann de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa a chomhtháthú le go bhféadfar eochracha cripteagrafacha a tharchur go slán

Táscaire 1: Faigheann an córas creidiúnú slándála lena gceadaítear do na seirbhísí Faisnéis Rúnaicmithe AE (FRAE) suas le leibhéal aicmithe áirithe agus faisnéis rúnaicmithe náisiúnta na mBallstát ar leibhéal coibhéiseach aicmithe a tharchur, de réir na bprionsabal a leagtar amach i gCinneadh (2013/488/AE) ón gComhairle maidir leis na rialacha slándála chun FRAE a chosaint

Táscaire 2: Bonneagar spáis EuroQCI a chomhtháthú bunaithe ar an réiteach teicniúil is oiriúnaí

**Cuspóir sonrach 3:** Cumais agus seirbhísí comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais a fheabhsú agus a leathnú

Táscaire 1: Líon na bpálastaí lena bhfreastalaítear ar chomhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais

**Cuspóir sonrach 4:** Forbairt teicneolaíochtaí nuálacha suaiteacha a dhreasú, go háirithe trí thionscal an Spáis Nua a ghiaráil.

Táscaire 1: Líon na gcuideachtaí nuathionscanta, FBManna agus na gcuideachtaí mheánchaipitlithe atá rannpháirteach i bhforbairt an bhonneagair

**Cuspóir sonrach 5:** Deis a thabhairt chun forbairt bhreise a dhéanamh ar leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud an Aontais, deireadh a chur le marbhchriosanna cumarsáide agus comhtháthú a mhéadú ar fud chríocha na mBallstát, agus nascacht a cheadú thar limistéir gheografacha lasmuigh den Aontas a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

Táscaire 1: Luas an leathanbhanda satailíte tráchtála

Táscaire 2: Líon na n-úsáideoirí nua cumarsáide satailíte tráchtála a d'fhéadfadh a bheith i limistéir thuaithe an Aontais agus i limistéir gheografacha a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo